# OLLSCOIL ÁTHA CLIATH

AN SEANSAILÉIR
Mary Patricia McAleese

NA LEAS-SEANSAILÉIRÍ
Patricia Ann Allwright
George Bernard Francis Clarke
Jürgen Barkhoff
Rachel Hussey

PROPAST
**Linda Elizabeth Doyle**

# TIONSCNAIMH

Is éard atá i searmanais Tionscnaimh ná cruinnithe de chuid Sheanad Ollscoil Átha Cliath chun críche céimeanna a bhronnadh; ócáidí lena mbaineann sean-traidisiúin ollscoileanna na hEorpa atá i gceist a reáchtáiltear sa Laidin.

Téarma ársa é 'tionscnaimh' ('commencements') a tháinig go hOllscoil Átha Cliath leis na scoláirí bunaithe ag deireadh an 16ú haois, arbh iarchéimithe de chuid Ollscoil Cambridge go leor acu. Tagann an téarma ó chleachtais níos ársa a bhí ag ollscoileanna sa Mheánaois agus ceann de na príomhbhealaí a bhí ag na hollscoileanna sin chun foghlaim agus tuiscint a chur chun cinn, go háirithe maidir le diagacht agus le fealsúnacht, ab ea díospóireacht ('disputatio' sa Laidin), eadhon díospóireacht fhoirmiúil ar rún molta ar a tugadh an Cheist ('quaestio')

Bhí an ról a bhíodh ag comhaltaí na hOllscoile i ndíospóireachtaí den chineál sin ag brath ar stádas na céime a bhí acu. Bhí cead ag Baitsiléirí Ealaíon argóint a bhréagnú ('an cheist a fhreagairt'). Bhí cead ag Máistrí Ealaíon ceist a mholadh – tá na focail '*ad incipiendum*', a chiallaíonn 'tionscain', sa leagan Laidine dá gcéim. Ní raibh cead ach ag Dochtúirí nó Ollaimh an díospóireacht a 'mhodhnú', i.e. a bheith ina gcathaoirleach ar an díospóireacht nó i gceannas uirthi. B'ionann bronnadh na céime is gluaiseacht ó leibhéal amháin freagrachta sa díospóireacht go dtí leibhéal eile. Thionscain an té ar bronnadh an chéim orthu ról níos airde sa chuardach d'eolas agus do thuiscint agus is mar gheall air sin a labhraímid ar an searmanas bronnta céime mar 'Thionscnaimh' (agus ar mhic léinn a bheith á dtionscain).

Tagann na téarmaí 'Modhnóireacht' do chéim onóracha sna healaíona, agus 'Modhnóir' do dhuine a mbronntar céim onóracha orthu, ó dhíospóireacht Mheánaoiseach freisin, ach níor úsáideadh anseo iad go dtí gur cuireadh tús le céimeanna onóracha sa 19ú aois.

Tá an Seanad comhdhéanta den Caput chomh maith le dochtúirí agus máistrí na hollscoile. Tá an Caput comhdhéanta de thriúr: an Seansailéir nó Leas-Seansailéir, an Propast, agus an Máistir Sinsearach neamh-Rialaithe, arb ionann é, í nó iad agus an duine is sinsearaí de na Comhaltaí Sóisearacha agus a thoghtar gach bliain chun leasanna na n-iarchéimithe a léiriú. Tá an ceart ag gach comhalta den Caput aon Ghrásta, nó moladh, i leith céime a chosc, ceart nár úsáideadh ach uair amháin le céad bliain anuas.

Bíonn Ord an tsearmanais éagsúil ó chruinniú go cruinniú: ní thionscnaítear ach Baitsiléirí ag roinnt cruinnithe, faigheann Dochtúirí agus Máistrí a gcéimeanna ag roinnt acu, agus bronntar céimeanna oinigh ó am go ham ag cuid eile. Treoir ghinearálta ar shearmanais Tionscnamh í an tuairisc seo a leanas.

An Giolla Leabhair a stiúrann an mórshiúl isteach sa Téatar Poiblí agus iad ag iompar Leabhar an Phrócadóra, ina bhfuil na sean-reachtanna faoi chéimeanna a bronnadh agus síniú na bPrócadóirí Sóisearacha agus Sinsearacha ó 1625. Ina dhiaidh sin bíonn na daoine atá le tionscain ina nDochtúirí, lena n-áirítear daoine ar a mbronntar céimeanna oinigh uaireanta. Ansin tagann an Prócadóir Sinsearach ar a mbeidh gúna Baitsiléara a bhfuil cochall dubh le líneáil ermín air, mar a éilítear sna Reachtanna. Gabhann an Másaire ansin roimh an Caput: an Máistir Sinsearach neamh-Rialaithe, an Propast agus, ar deireadh, an Seansailéir nó Leas-Seansailéir.

Cuireann an Seansailéir tús leis an gcruinniú agus an méid seo a leanas á rá acu:

| | |
|---|---|
| *Salvete senatores omnes, Domini Doctores, Domini Magistri; salvete candidati seniores junioresque; salvete hospites undique hic benignissime congregati. Comitia fiant in nomine Dei. Amen* | Beannaímid do gach ball den Seanad, Dochtúirí agus Máistrí léannta; beannaímid d'iarrthóirí sinsearacha agus sóisearacha ar chéimeanna; beannaímid dár n-aíonna atá bailithe anseo ó go leor áiteanna le teann spéise. Tosaigh na Tionscnaimh, in ainm Dé na hUilechumhachta. Áiméan |

Léann an Cláraitheoir ráiteas foirmiúil i Laidin de mhiontuairiscí an chruinnithe is déanaí a bhí ag an Seanad agus síníonn an Seansailéir é. Impíonn, nó iarrann na Prócadóirí, a ullmhaíonn na liostaí iarrthóirí le ceadú ag an mBord, ar an Seanad bronnadh na gcéimeanna sin a cheadú. Impíonn an Prócadóir Sóisearach céimeanna Baitsiléir Ealaíon leis na focail seo a leanas:

*Praehonorabilis Cancellarie totaque Universitas, supplicant reverentiis vestris ei, qui in his chartis quae in manibus nostris sunt nominantur, ut his Comitiis ad gradum super nomina designatum admittantur. Ego fide mea testor ac spondeo toti academiae unumquemque candidatorum his chartis nominatum omnia exercitia ad gradum ad quem unusquisque adspirat pertinentia pro legibus academicis rite complevisse.*

A Sheansailéara oinigh agus gach ball den Ollscoil, éilíonn na daoine a bhfuil a n-ainmneacha ar na bileoga seo atá inár ngreim go measúil go mbeadh glacadh leo don chéim atá scríofa os cionn a n-ainmneacha. Dearbhaím go sollúnta do gach ball den ollscoil go bhfuil na riachtanais go léir a bhaineann leis an gcéim a n-éilíonn gach duine acu tabhairt fúithi, curtha i gcrích ag gach duine de na hiarrthóirí, de réir rialacha acadúla na hollscoile.

Impíonn an Prócadóir Sinsearach ar son gach céime eile. Nuair a bhíonn a n-impíocha déanta ag an mbeirt Phrócadóirí, fógraíonn an Másaire an vótáil trí ‘*ad scrutinium*’ a rá agus iarrann an Seansailéir vótaí na nDochtúirí ar dtús agus ansin vótaí na Máistrí; freagraíonn gach grúpa trí ‘*placet*’ a rá.

Nuair a cheadaítear mar sin bronnadh na gcéimeanna, cuirtear tús le glacadh na n-iarrthóirí. Seasann iarrthóirí ar chéimeanna ina n-áiteanna agus cuirtear i láthair an tSeanaid iad; ansin glaoitear chuig an ardán iad ina ngrúpaí. Glaoitear iarrthóirí ar chéimeanna Oinigh agus ar Bhoinn Óir chuig an ardán sula gcuirtear i láthair iad. Bronnann an Prócadóir Sóisearach an Baitsiléir Ealaíon agus cuireann an Léachtóir Sinsearach na Modhnóirí i láthair. Cuireann an Prócadóir Sóisearach na Baitsiléirí Ealaíon i láthair, agus seo a leanas á rá aige, aici nó acu:

*Praehonorabilis Cancellarie totaque Universitas, praesento vobis hosce meos filios, tam doctrina quam moribus habiles et idoneos ut admittantur ad gradum Baccalaureatus in Artibus.*

A Shainsailéara oinigh agus gach comhalta den Ollscoil, cuirim i bhur láthair iad seo, mo chuid mac agus iníonacha, atá inniúil de réir carachtair agus cumais lena nglacadh chuig an gcéim Baitsiléir Ealaíon.

Bronnann an Seansailéir a bpár orthu agus admhaíonn chuig a gcéimeanna iad, á rá:

*Gratum munus mihi demandatum est ut vobis in manus tradam has chartas honorarias; accipite illas ergo, egregii juvenes, honorificas quidem in praesenti, ominis vero fausti felicisque in futurum. Ego auctoritate mihi concessa admitto vos ad respondendum quaestioni in Artibus.*

Tá an tasc taitneamhach seo, na teastais a shíneadh chugaibh, curtha de chúram orm. Glac leo, a dhaoine uaisle a bhfuil scoth an staidéir déanta agaibh, mar chomhartha onóra a bhronntar oraibh inniu, mar éarlais ar bhur rath agus sonas amach anseo. De réir an údaráis a dhílsítear dom, bronnaim oraibh an chéim Baitsiléir Ealaíon.

Ag teacht le cleachtas atá ann le fada an lá, cuireann na hOllaimh Dhlí, Leighis agus Mháinliachta na hiarrthóirí ar chéimeanna sna hábhair sin i láthair. Cuireann an Prócadóir Sinsearach, nó an ceann dáimhe nó scoile iomchuí, na hiarrthóirí ar chéimeanna nach Baitsiléir Ealaíon iad i láthair. Baintear úsáid as na foirmlí céanna go bunúsach, le héagsúlachtaí cuí, agus iarrthóirí á nglacadh chuig na céimeanna éagsúla. An Seansailéir a ghlacann le gach duine acu, agus a bhronnann an pár orthu. Síníonn gach céimí nua Clár na gCéimithe sula bhfilleann siad ar a gcuid suíochán. Bronntar céimeanna oinigh ag dhá shearmanas Tionscnaimh gach bliain, de ghnáth. An Prócadóir Sinsearach a fhógraíonn ainm gach iarrthóra ar chéim oinigh ag na searmanais sin. Tagann an t-iarrthóir le seasamh os comhair an tSeansailéara ansin, agus cuirtear i láthair iad in óráid a thugann an tÓráidí Poiblí. Glacann an Seansailéir leis an iarrthóir ansin agus síníonn an t-iarrthóir Rolla na gCéimithe Oinigh.

Ansin cuireann an Prócadóir Sinsearach na daoine nach féidir a bheith ann chun glacadh lena gcéimeanna i bpearsan i láthair ('in absentia'). Ar deireadh, dúnann an Seansailéir an searmanas Tionscnamh leis na focail seo a leanas:

| | |
|---|---|
| *Valete senatores, non diutius vos morabimur; valete candidati novis honoribus decorati; valete et vos, hospites acceptissimi. Comitia solvantur in nomine Patris et Filii et Spiritus Sancti* | Fágaimid slán libhse, baill an tSeanaid, ní choinneoimid níos faide sibh. Fágaimid slán ag na hiarrthóirí ar bronnadh onóracha nua orthu. Fágaimid slán libhse, ár n-aíonna a bhfuil fáilte mhór romhaibh, chomh maith. Go raibh deireadh leis na Tionscnaimh, in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh. |

Imíonn an Caput amach as an Téatar ansin; an Másaire ar dtús agus ansin an Máistir Sinsearach neamh-Rialaithe, an Propast, an Seansailéir nó Leas-Seansailéir, an Cláraitheoir, na Prócadóirí agus an Léachtóir Sinsearach, agus ansin na céimithe nua ar fad, na Dochtúirí agus na Máistrí chun tosaigh.

- An Cláraitheoir

Orgán an Téatair Phoiblí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

I mí na Bealtaine 1684, shínigh an Propast ag an am comhaontú leis an déantóir orgán mór le rá, Lancelot Pease, chun orgán nua le méarchlár amháin agus ocht stop orgáin a dhéanamh agus £120 an costas a bhí air. Ba do "Sheanséipéal" an Choláiste é agus bhí cás 24 troigh in airde agus 10 dtroithe ar leithead le dul timpeall air agus bhí an cás sin le péinteáil agus le hórú. Bhí "orgán bréagach" le cur os comhair an phríomhcháis freisin, chun cuma níos taibhsí a chur ar an uirlis de réir cosúlachta. Is é seo an cás orgáin is sine atá ann a rinneadh in Éirinn agus, mar sin, is ceann de na cinn is tábhachtaí in Éirinn agus sa Bhreatain é. Mar sin féin, is ar éigin a rabhthas ábalta é a chasadh ar chor ar bith le gairid mar go raibh roinnt stop orgáin gan mhaith ann agus go raibh aghaidh na bpíob ag titim. Bhí gá rud éigin a dhéanamh!

Sa bhliain 2017, suiteáladh uirlis nua le gníomhú rianaire agus stopliosta barántúil ón 18ú haois a ndearna gnólacht ón Ríocht Aontaithe, Goetze & Gwynn, obair den scoth air, agus tá athchóiriú déanta ar an gcás agus ar aghaidh na bpíob. Nochtadh agus athchóiríodh an bunmhaisiúchán iontach polacrómach ar aghaidh na bpíob, nach rabhthas ar an eolas go raibh sé ann agus a bhí i bhfolach faoi shraitheanna de phéint dhonn ghránna. Táthar anois in ann fuaim a dhéanamh leis na píoba bunaidh ón mbliain 1684 tar éis dóibh a bheith ciúin le tamall an-fhada. Tá dhá mhéarchlár anois ag an uirlis; is do Chórorgán nua agus nach bhfuil "bréagach" a thuilleadh an dara ceann, a choinníonn aghaidh bhunaidh Pease ach a bhriseann trí ráille an Ghailearaí anois agus tá sé crochta os cionn urlár na talún le starrmhaide. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh athchóiriú, athphéinteáil agus athórú ar chás Pease 1684 freisin, agus cuireann sé sin, in éineacht leis na trí sciath iontacha, go hiontach le maisiúchán an Téatair Phoiblí anois. Is é an t-orgán anois an tseoid is mó i bpunann cheoil an Choláiste agus cuireann sé go mór leis an gCathair agus leis an Náisiún.

Tá an Coláiste thar a bheith buíoch do na deontóirí príobháideacha a chuidigh le maoiniú a chur ar fáil don tionscadal seo, go háirithe Seiceadóirí an eastáit a bhain le John agus Ann Boland nach maireann, agus Cumann agus Iontaobhas Choláiste na